

Gníomh Aeráide le Mata

Seomra leaba

Is maith linn go léir éadaí nua a fháil, ach imríonn déanamh na n-éadaí tionchar mór ar an gcomhshaol. Is féidir leat seanéadaí a dheisiú agus iad a uasghrádú chun stíleanna nua a chruthú. Féadfaidh tú babhtáil le do chairde freisin agus éadaí athláimhe a cheannach chun cabhrú lenár bpláinéad agus dramhail a laghdú.

Fuann tú suaiteantas cearnach ar do seaicéad. Tá na taobhanna 2.5cm ar fhad agus úsáideann tú píosa snáithe atá 15cm ar fhad. Cé mhéad snáithe a d'úsáidfá, dar leat, le haghaidh suaiteantais chearnaigh le taobhanna 4cm ar fhad?

Gluaisteán

Níl aon astaíochtaí ag gluaisteáin a ritheann ar leictreachas, ach braitheann an leas iomlán don chomhshaol ar fhoinsí an leictreachais a úsáidtear chun a geoid cadhnraí a luchtú agus ar an gcaoi a ndéantar na cadhnraí seo agus a dhíúscairt ar deireadh.

D'fhéadfadh gnáthghluaisteán teaghlaigh 112 gram de CO_2 a astú le haghaidh gach ciliméadar a thiomáintear. Tiomáineann gnáthghluaisteán fad 17,000 ciliméadar. Cé mhéad CO_2 a scaoilfeadh an gluaisteán sin i gcaitheamh bliana amháin i do thuairim?

Seomra suite

An raibh a fhios agat go n-ídiann do chonsól cluichí nó do theilifís i mód fuireachais leictreachas fós? Is féidir leis an teilifís agus é sa mhodh fuireachais suas le 20% den fhuinneamh a ídiann sí le linn di a bheith ar siúl a idiú. Tomhaistear úsáid leictreachais in uaireanta cileavata (kWh). Má ritheann fearas de chumhacht 1 cileavata (1000 vata) ar feadh uair an chloig úsáideann sé 1 kWh.

Má ídiann do chonsól agus é ar fuireachas 1 vata cumhachta, agus má choinníonn tú é sa mhodh sin ar feadh 16 uair an chloig in aghaidh an lae ar an meán, cé mhéad kWh a d'ideodh sé i gcaitheamh bliana amháin? Cé mhéad fuinnimh a chuirfí amú dá ndéanfadh gach duine i do rang é seo freisin?

Seomra folctha

Is acmhainn thar a bheith luachmhar é uisce dár mbeatha, agus don bheatha ar fad ar an Domhan. Dá laghad uisce a úsáidimid is ea is mó a théann sé chun leasa dár bpláinéad. Roghnaigh cithfhólcadh tapa in ionad folctha. Seachain an t-uisce a choinneáil ar siúl agus tú ag scuabadh do chuid fiacla.

Ídiann cith 1 nóiméid amháin thart ar 9 lítear d'uisce. Cé mhéad lítear uisce a úsáideann tú má tá cith 5 nóiméid agat?

Cistin

Smaoinigh go cúramach gach uair a bhíonn tú chun rud éigin a chaitheamh sa bhosca bruscair. An bhféadfaí é a athúsáid? An bhféadfaí é a athchúrsáil? Smaoinigh freisin, an bhféadfaímis roghanna níos críonna a dhéanamh agus sinn ag dul ag siopadóireacht? Is gníomh aeráide é dramhail bia a laghdú a shábháil a airgead duit freisin.

D'fhéadfadh kg amháin de dhramhail bia a bheith ina 3.6 kg d'Astaíochtaí CO_2 . Má laghdaíonn teaghlach a tháirgeann 200 kg de dhramhail bia gach bliain an dramhail sin a laghdú síos go 100kg, cá mhéad CO_2 a shábháiltear?

Rothar

Is fearr iompar poiblí a úsáid ná dá n-úsáidimis uile gluaisteáin. An féidir leat smaoineamh cén fáth? Is fearr fós rothaíocht nó siúl dár n-aeráid agus dár sláinte má tá sé sábháilte iad seo a dhéanamh.

Caithfidh tú teacht chuig an scoil in am ag 9 a chlog agus tá do scoil 1 km ar shiúl. Tá a fhios agat gur féidir leat 100 méadar a chlúdach in 1 nóiméad amháin agus tú ag siúl go gasta. Cathain is gá duit do theach a fhágáil?

Féach ar shuíomh Gréasáin Sheachtain na Mata chun na freagraí agus tuilleadh faisnéise a fháil: www.mathsweek.ie